



Comhdháil Náisiúnta  
na Gaeilge

**Aighneacht**

**maidir le dréachtú scéime**

**faoi réir Alt 15**

**d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**chuig**

**Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan**

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Deireadh Fómhair 2013



## CLÁR

1. RÉAMHRÁ	3
2. COMHTHÉACS NA SCÉIME	4
3. POBAL NA GAEILGE – OSRADHARC	4
4. TIMPEALLACHT DHÁTTHEANGACH A CHRUTHÚ	5
5. MOLTAÍ AN CHOIMISINÉARA TEANGA	6
6. AN COMHTHÉACS REATHA	7
7. AIGHNEACHT	8
8. MOLTAÍ	9
8.1 Staid Reatha Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	9
8.2 Cumas Dátheangach Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	9
8.3 Tairiscint Ghníomhach agus Cothú Éilimh	11
8.4 Inniúlacht Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	13
8.5 Timpeallacht Dhátheangach	14
8.6 Poist a Chur ar Leataobh – Polasaí Socrúcháin agus Polasaí Earcaíochta	15
8.7 Ról Oifig na Gaeilge/Oifigeach Gaeilge	17
8.8 Rochtain ar Cháipéisí	18
8.9 An Ghaeltacht	18
8.10 Stáiseanóireacht	19
8.11 Comharthaí	19
8.12 Tríú Páirtithe	19
8.13 Cruinnithe Poiblí	20
8.14 Suíomh Gréasáin	20
8.15 Na Meáin Úra & Seirbhísí ar Líne	22
8.16 Plean Straitéiseach Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	22
8.17 Córas Measúnaithe	22
8.18 Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe	23
8.19 Monatóireacht agus Tuairisciú ar dhul chun cinn	24
8.20 Forálacha an Achta Teanga	24
9. FOCAL SCOIR	25
10. ACHOIMRE	25

## 1.0 RÉAMHRÁ

Is í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge lár-chomhairle phobal na Gaeilge. Léirítear príomhchuspóir na Comhdhála trína Ráiteas Misin “bá agus tacaíocht don Ghaeilge mar bheotheanga agus cumas inti a neartú agus a bhuanú le go mbeidh sí á húsáid go saoráideach agus go forleathan i ngach gné de shaol mhuintir na hÉireann”.

Bunaithe i 1943, feidhmíonn an Chomhdháil mar scátheagraíocht ar na heagrais dheonacha Ghaeilge agus thar ceann phobal na Gaeilge ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan. Tá 24 balleagraíocht sa Chomhdháil ó mhór-réimsí uile na hearnála. Is í feidhm don Chomhdháil na heagraíochtaí Gaeilge agus cairde eile na teanga a chomhdhlúthú d'fhonn comhpháirtíocht thorthúil a chinntiú trí chumarsáid a chothú agus aontú ar phríomhspríocanna oibre na Comhdhála.

Tá spéis ar leith ag eagraíochtaí na Comhdhála i stádas na Gaeilge agus go háirithe sa chás go bhfuil feidhm á tabhairt don stádas sin i reachtaíocht na tíre. Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh an deis seo tuairimí a chur faoi bhur mbráid faoin dréachtscéim atá beartaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Is ag díriú ar phríomhthosaíochtaí scéime atá ár moltaí leagtha amach.

Cé go n-aontaíonn an Chomhdháil leis na treoirlínte a d'eisigh an tAire faoi Alt 12 den Acht, tá tábhacht ar leith ag baint le hAlt 18(2) den Acht ina leagtar béim ar 'bhearta breise a chur i ngníomh chun stádas teanga oifigiúla a chur chun cinn' laistigh den Oifig. Tá sé den riachtanas go bhfeidhmeoidh Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan dá réir ag tógáil ar a laghad san áireamh taithí na gcomhlachtaí poiblí eile atá tar éis scéim a chur i gcrích le blianta beaga anuas agus tréithe na scéimeanna agus bearta teanga eile a bhfuil rath orthu.

Tá breis eolais faoi obair na Comhdhála le fáil ag [www.gaelport.com](http://www.gaelport.com).

## 2.0 COMHTHÉACS NA SCÉIME

Is Comhlacht Poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 í Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD) atá freagrach as réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá iomlánú ar shainfhreagrachtaí na hInstitiúide ar a suíomh gréasáin, ar a bhfuil eolas faoi na nithe seo a leanas—

- Saol na Mac Léinn
- Scoileanna
- Riarachán
- Taighde
- Fiontar & Nuálaíocht
- Foilseacháin na hInstitiúide
- An Nuacht is Déanaí
- Dearbhú Cáilíochta

*‘Úsáid na Gaeilge ar champas a mhéadú, i bhfoilseacháin agus trí chumarsáid; Feasacht ar an nGaeilge a chur chun cinn; Breis deiseanna oiliúna sa Ghaeilge ar fáil don bhfoireann’.*

(Plean Straitéiseach Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan 2011-2016, Gníomhaíochtaí Táscaha, lch 130).

Deimhnítear ról lárnach ITDD i leith na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé tábhachtach go léireodh ITDD an ról sin tríd síos a gníomhaíochtaí agus ag gach leibhéal den chliarlathas san Institiúid. Chuige sin, moltar do ITDD teachtaireacht a fháil ó Uachtarán na hInstitiúide le cur sa scéim teanga chun tacaíocht don teanga agus d’fheidhmiú na scéime a léiriú ón mbarr anuas.

## 3.0 POBAL NA GAEILGE IN ÉIRINN- OSRADHARC

Ní mór do ITDD a bheith ar an airdeall faoi líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír agus na hiarrachtaí forbartha teanga atá ar siúl san am reatha lena n-áirítear an méadú ar líon na ngaelscoileanna atá sa tír mar aon leis na seirbhísí Gaeilge atá a gcur ar fáil don phobal go deonach ar fud na tíre.

De réir thorthaí an daonáirimh tá méadú ollmhór tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír ó 1.43 milliún duine i 1996 go dtí 1.57 milliún duine in 2002 go dtí 1.77 milliún in 2011. De réir taighde ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad, tá os cionn 93% de mhuintir na hÉireann i bhfabhar na Gaeilge.

Creideann an Chomhdháil go bhfuil ról lárnach ag ITDD i dtaobh ardú feasachta teanga agus an Ghaeilge a neartú sa phobal araon. Tá sé tábhachtach go bhfreastalódh an Institiúid ar riachtanais na saoránach ar chainteoirí Gaeilge iad. Ní mór do ITDD é sin a áireamh agus fáilte a chur rompu a gcuid seirbhísí a fháil ón ITDD trí Ghaeilge. Ní mór do gach comhlacht poiblí éileamh ar sheirbhísí a chothú agus an pobal urlabhra a spreagadh i gcónaí.

#### **4.0 TIMPEALLAUGHT DHÁTHEANGACH A CHRUTHÚ**

Tá sé tábhachtach go léireodh ITDD tríd a scéim teanga nua go bhfuil sí go hiomlán tiomanta do chur chun cinn agus d'fhorbairt na Gaeilge. Creideann an Chomhdháil go bhfuil íomhá chorparáideach dhátheangach an-tábhachtach do chomhlachtaí poiblí chun seirbhísí dátheangacha a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go mbeadh an timpeallacht in ITDD fáilteach dóibh siúd arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais nó a rogha teanga cumarsáide. Molann an Chomhdháil go neartófaí tacaíocht don chultúr agus don Ghaeilge i gcoitinne san Institiúid (**féach 4 & 5 thíos**).

Tá sé tábhachtach go mbeadh seirbhís dhátheangach á soláthar ag ITDD agus go mbeadh an tseirbhís sin soiléir don phobal araon. Le go mbeidh éifeacht ag an scéim ní mór go gcuimseodh sí seirbhís den scoth a sholáthar do phobal na Gaeilge bunaithe ar Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS).

Molann an Chomhdháil pobal labhartha na Gaeilge a chumasú laistigh den eagraíocht agus cainteoirí dúchasacha agus daoine atá líofa sa Ghaeilge i measc na foirne a spreagadh chun feidhmiú trí mheán na Gaeilge (**féach 6(x) thíos**).

Chuirfeadh seo go mór le cumas ITDD Alt 12(2)(c) den Acht a chomhlíonadh agus ‘a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo’.

Ba chóir go mbeadh dul chun cinn i leith na Gaeilge in ITDD bunaithe ar struchtúir agus ar chórais tacaíochta atá á gcur i bhfeidhm seachas go mbeadh an dul chun cinn sin ag brath ar dhaoine áirithe.

Molann Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge go bhforbrófaí scéim teanga faoin Acht Teanga atá réadúil ach dúshlánach, a léireodh go n-aithníonn ITDD a dualgais agus a ról i leith na Gaeilge, go n-úsáidfí an scéim chun éiteas na hInstitiúide i leith na Gaeilge a neartú agus go ndeimhneodh sí go bhfeidhmeofar go dílis de réir an Achta agus de réir spiorad an Achta chomh maith.

## **5.0 MOLTAÍ AN CHOIMISINÉARA TEANGA**

Tá roinnt cleachtas aitheanta ag Oifig an Choimisinéara Teanga a chuidíonn le comhlachtaí poiblí a scéimeanna teanga agus seirbhís Ghaeilge d’ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal lena n-áirítear:

- Pleanáil agus anailís maidir le cumas an chomhlachta poiblí gealltanais reachtúla a sholáthar.
- Úinéireacht glactha ag ardbhainistíocht an chomhlachta poiblí ar an scéim teanga.
- Plean forfheidhmithe leis na hacmhainní cuí ullmhaithe ag an gcomhlacht poiblí.
- Straitéis chumarsáide chun gealltanais na scéime a roinnt leis an bhfoireann chúí atá ceaptha chun iad a chur i bhfeidhm.
- Soiléireacht maidir leis an bhfriotal - Ní mór a rá go bhfuil gá le friotal cruinn i scéimeanna teanga na gcomhlachtaí poiblí le cinntiú go gcuirfear seirbhís

dhátheangach ar fáil don phobal ar chomhchaighdeán. Tabharfaidh sé soiléireacht don chomhlacht agus d’fhoireann an chomhlachta gealltanais na scéime a chur i bhfeidhm.

Ní mór na moltaí sin a thógáil san áireamh agus dara scéim teanga na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta á hullmhú.

## 6.0 An Comhthéacs Reatha

De réir An Choimisinéara Teanga:

*‘Is buanchearta iad cearta teanga; ní lamháltais ná pribhléidí iad a thugtar le linn aimsir na flúirse. Níl luach níos lú leis an gcoincheap a bhaineann le cearta agus le comhionannas nuair is i gcomhthéacs teanga é’*

(An Coimisinéir Teanga, 2009, Seoladh Thuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teanga 2008)

Aithnítear go bhfuil cúinsí geilleagracha deacra ann faoi láthair, agus go mbeidh ar gach Comhlacht Poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí gearr-, meán- agus fadtéarmacha dá réir. Is gá, ar an mbonn sin, d’eagraíochtaí Stáit bealaí a aimsiú chun costais a smachtú gan laghdú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí d’ardchaighdeán trí Ghaeilge. Chuige sin, moltar barainneachtaí an mhórsála a úsáid níos fearr chun acmhainní/áiseanna a ullmhú agus luach níos fearr ar airgead a sholáthar, ar na bealaí seo a leanas:

- Seirbhísí dátheangacha ar líne agus as líne a sholáthar don phobal oiread agus is féidir,
- ábhair dhátheangacha don phobal a fhoilsiú go leictreonach seachas i bhfoirm chlóite,

- foireann dhátheangach a earcú, i.e. foireann le cumas i nGaeilge agus i mBéarla seachas daoine le cumas i dteanga amháin,
- comhoibriú breise idir eagraíochtaí gaolmhara agus iad ag forbairt a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge.

## 7.0 Aighneacht

Éilíonn an tiomantas do Sheirbhís Chustaiméirí ar Ardchaighdeán (QCS) mar chuid de Phróiseas Nuachóirithe ITDD tiomantas ar leith ó chomhlachtaí poiblí maidir le feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán an chúraim chustaiméirí, ar sheirbhísí agus ar chomhchomhairle le custaiméirí chun na críche sin.

Ní leor do chomhlachtaí poiblí freastal ar riachtanais teanga an phobail amháin (féach alt 3 - Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh thíos). **Ní mór do gach comhlacht poiblí éileamh ar sheirbhísí a chothú agus an pobal urlabhra a spreagadh.**

Tá gá le próiseas comhchomhairle leathnaithe chomh maith a chuimsíonn suirbhéanna i measc custaiméirí, foireann ITDD agus pobal na tíre ina measc, agus grúpaí fócais rialta chun tuiscint a fháil ar mhianta an phobail agus chun freastal a dhéanamh dá réir.

Tá Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sásta aon chabhair a thabhairt do ITDD chun an próiseas sin a chur i gcrích.



## 8.0 Moltaí

### 8.1 Staid Reatha Institiúid Teicneolaíochta Dhún

#### Dealgan

Déanann ITDD cur síos ar a custaiméirí, a seirbhísí agus a gníomhaíochtaí de réir mar atá leagtha amach i dtreoirleabhair na Ranna Rialtais, etc., faoi Alt 15 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003*.

Moltar go ndéanfaí cur síos cuimsitheach faoin gceannteideal *Achoimre ar Sheirbhísí agus Gníomhaíochtaí na hEagraíochta* ar:

- na seirbhísí trí Ghaeilge a bhí ar fáil roimh theacht i bhfeidhm na chéad scéime,
- mar a cuireadh leis na seirbhísí sin de réir tosaíochta trí fheidhmiú na chéad scéime, agus
- mar a chuirfear leis na seirbhísí atá ar fáil céim ar chéim anois sa dara scéim.

Leagfaidh ITDD spriocanna cinnte síos agus amscála chun iad a bhaint amach. Léireoidh ITDD córas measúnaithe a dhéanfaidh seachadadh na seirbhíse a mheas agus a chinnteoidh go n-aithneofar céimeanna feabhais agus lorgóidh ITDD aiseolas leanúnach ón bpobal ar fheidhmiú na scéime agus beidh cur síos ar an gcóras sin ríofa amach sa Scéim (féach **Ailt 16 - 17** thíos chomh maith).

### 8.2 Cumas dátheangach Institiúid Teicneolaíochta

#### Dhún Dealgan

Is é is bunspríoc don scéim ná cumas dátheangach a fheabhsú in ITDD ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil don phobal. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus cumas dátheangach na hInstitiúide a chur chun cinn:

- Ba chóir meon dearfach ón mbarr anuas a bheith ag ITDD i leith an dátheangachais.
- Bá chóir stádas cothrom a thabhairt don Ghaeilge agus don Bhéarla i ngach gné d'obair ITDD.
- Ní mór a chinntiú go mbeidh sé mar aidhm ag ITDD an Ghaeilge a chothú go hinmheánach i measc na foirne, agus go seachtrach trí fhreastal ar riachtanais na gcustaiméirí.
- Go gcaithfí go comhionann leis an nGaeilge agus leis an mBéarla agus nach mbeadh saoránach ar bith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an teanga a roghnódh sé nó sí.

Moltar go ndéanfaí taighde ar na hábhair seo a leanas mar thúsphointe ar fhorbairt an riaracháin dhátheangaigh in ITDD agus mar bhunús d'fhorbairt chlár oiliúna na Gaeilge agus na Feasachta Teanga d'fhostaithe na hInstitiúide:

- Líon na gcainteoirí dátheangacha;
- Líon na gcainteoirí dátheangacha le cumas scríbhneoireachta dátheangaí;
- Líon na bhfostaithe le líofacht sa Ghaeilge;
- Líon na bhfostaithe le Gaeilge labhartha líofa ach gan ardchaighdeán scríofa a bheith acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí a bhfuil Gaeilge labhartha líofa ar a gcumas acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí a bhfuil Gaeilge labhartha agus scríofa ar a gcumas acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí nach bhfuil de mhisneach acu seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge faoi láthair;
- Líon na bhfostaithe gan Ghaeilge.

Is cuid lárnach de ghnó na Rannóige Acmhainní Daonna agus Aonad Oiliúna ITDD an taighde inmheánach seo a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach inniúlacht teanga reatha na bhfostaithe in ITDD a mheas le go mbeifear in ann riachtanais oiliúna a shainaithint agus plean dátheangach fadtéarmach a leagan amach dá réir mar chuid de Straitéis Chumarsáide ITDD.

*Is é sainmheon na hInstitiúide oiliúint agus forás foirne a mhisniú agus a thacú ag gach grád. Misneoimid an fhoireann chun a gcuid scileanna teanga a fhorbairt chun feabhas a chur ar an tseirbhís Ghaeilge atá anois ann...Chun feasacht teanga a mhúscailt beidh sin mar chuid dár gcúrsaí Oiliúna Ionduchtúcháin...Déanfar monatóireacht leanúnach air sin agus déanfar iniúchadh bliantúil air ina gcuirfear aiseolas ó rannpháirtithe san áireamh’.*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 17)

Aithnítear go bhfuil méadú tagtha ar an líon foirne atá inniúil sa Ghaeilge agus atá toilteanach feidhmiú trí Ghaeilge ó cuireadh an chéad scéim i bhfeidhm toisc na hidirghabhálacha oiliúna agus tacaíochtaí eile atá curtha ar fáil ag ITDD. Ní mór aon mhéadú atá tagtha ar líon na bhfostaithe le cumas dátheangach ó cuireadh an chéad scéim i bhfeidhm a áireamh sa dara scéim.

Moltar cur síos a dhéanamh sa scéim ar na hidirghabhálacha oiliúna atá beartaithe chun líon na bhfostaithe le cumas dátheangach atá inniúil agus toilteanach seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge a mhéadú. Ní mór an nasc idir cumas dátheangach na foirne agus feabhas i meoin agus i gcaighdeán na seirbhísí atáthar ag soláthar trí Ghaeilge a léiriú chomh maith.

### **8.3 Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh**

De réir Alt 27 den Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla,

*In those States in which ethnic, religious or linguistic minorities exist, persons belonging to such minorities shall not be denied the right, in community with the other members of their group, to enjoy their own culture, to profess and practice their own religion, or to use their own language.'*

[<http://www.unhcr.ch/tbs/doc.nsf/0/fb7fb12c2fb8bb21c12563ed004df11> 1]

Tugtar feidhm don sliocht thuas i gcomhthéacs na scéime trí shaor-rogha teanga a chur ar fáil don phobal agus iad ag plé le ITDD. Tá sé tábhachtach, ar an mbonn sin, go dtógfaidh ITDD na nithe seo a leanas san áireamh sa scéim:

- (i) Ní leor do ITDD freastal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá de dhualgas ar ITDD éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chothú i gcónaí.
- (ii) Tá sé den riachtanas go mbeadh a fhios ag an bpobal go bhfuil seirbhísí i nGaeilge á dtairiscint ag ITDD, go bhfuil na seirbhísí sin ríofa amach go soiléir agus go bhfuil fíorfháilte roimh an bpobal na seirbhísí sin a úsáid. Is tús a bheadh anseo do dhea-chleachtas dá dtabharfaí faoi i gceart agus go dearfach.
- (iii) Ní mór a chinntiú go ndeimhneodh gach fianaise fhisiciúil san Institiúid, gur ionad oibre dátheangach atá inti. Cuireann sé seo go mór le híomhá dhearfach Ghaeilge ITDD.
- (iv) Sa chaoi seo tugtar tairiscint dhearfach go bhfuil mar aidhm leis sin an custaiméir a chur ar a s(h)uaimhneas agus seirbhísí i nGaeilge á lorg.
- (v) Is minic a úsáidtear an suíomh gréasáin mar phríomhphointe teagmhála le ITDD. Éilíonn an Chomhdháil go gcuirfí rogha teanga ar fáil don úsáideoir sula dtéann siad ar shuíomh gréasáin ITDD (e.g. [www.ahg.gov.ie](http://www.ahg.gov.ie)) Féach **Alt 13** Láithreán Ghréasáin)

*'Aithnímid go gcaithfidh aon seirbhís dhátheangach a bheith ar ardchaighdeán, a bheith ar fáil go réidh agus a bheith sofheicthe go hiomlán*

*d'úsáideoirí. Lena chois sin, aithnímid a thábhachtaí is atá sé íomhá agus timpeallacht dhearfach dhátheangach a chothú laistigh den Institiúid, faoin scéim seo agus faoi fhorálacha reachtúla eile an Achta’.*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 19).

Meabhraítear an tábhacht a bhaineann le tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh i dtaobh na seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear. Ní mór a chinntiú go bhfuil forbairt leanúnach ag teacht ar na seirbhísí trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil, agus poibliú a dhéanamh orthu dá réir.

#### **8.4 Inniúlacht Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a fheabhsú**

*‘Beidh liosta ball foirne ar fáil a bheidh sásta seirbhís a sholáthar as Gaeilge. Cuirfead an liosta ar fáil don fhoireann fáiltithe agus beidh sé ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide chomh maith. Déanfar deimhin de go rialta go bhfuil an suirbhé sin cothrom le dáta (gach re bliain ar a laghad)’.*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 16).

Tá sé tábhachtach go sainaithneofaí baill foirne atá toilteanach seirbhís a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge agus go gcuirfí liosta ar fáil d’fhoireann an Lascchláir Láir d’ainmneacha na mball foirne sin chun cabhrú le custaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Molann an Chomhdháil go gcuirfí comhairle ar bhaill foirne maidir le raon na gcúrsaí Gaeilge d’ardchaighdeán atá ar fáil (m/sh Teastas Eorpach na Gaeilge, [www.teg.ie](http://www.teg.ie), Teastas/Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach á sholáthar ag Institiúidí tríú leibhéal eile, Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil, [www.gaelchultur.ie](http://www.gaelchultur.ie)).

Molann an Chomhdháil go gcuimseofaí modúl ar an bhfeasacht teanga mar chuid de na cúrsaí insealbaithe, oiliúna agus seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí araon

lena chinntiú go dtuigeann baill foirne impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tionchar an Achta ar a gcuid oibre.

Creideann an Chomhdháil go bhfuil ról lárnach ag comhlachtaí poiblí lena n-áirítear ITDD chun an Ghaeilge a chothú. Ba mhaith leis an gComhdháil béim a chur ar alt 18(2) den Acht Teanga ina leagtar béim ar ‘bhearta breise a chur i ngníomh chun stádas teanga oifigiúla a chur chun cinn’.

### **8.5 Timpeallacht Dhátheangach**

Moltar go gcuirfí an dátheangachas chun cinn i measc fhoireann na heagraíochta trí imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a eagrú amhail oícheanta sóisialta agus lóin Ghaelaigh (imeachtaí a bheadh oscailte d’oifigigh agus do riarthóirí na heagraíochta freastal orthu). Féadfar na himeachtaí a eagrú ar bhonn roinne nó ar bhonn grúpaí atá ann cheana féin.

*‘Chun feasacht teanga a mhúscailt beidh sin mar chuid dár gcúrsaí Oiliúna Ionduchtúcháin chun an fhoireann a chur ar an eolas mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, an tslí a chuirfear í chun feidhme san Institiúid agus impleachtaí an Achta don eagraíocht tríd is tríd’.*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 17).

Moltar go gcuirfí le tuiscint na foirne ar chúrsaí teanga trí sheimineáir agus laethanta eolais i leith an dátheangachais a eagrú ag a mbeadh aoichainteoirí ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaelachta nó ó Oifig an Choimisinéara Teanga agus go dtabharfaí cuireadh do bhaill uile na hInstitiúide freastal orthu. Cuirfidh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge gach cúnaimh ar fáil do chomhlachtaí ar mian leo a leithéid d’ócáid a eagrú. Meabhraítear do ITDD an tábhacht a bhaineann le hardú feasachta teanga i measc na foirne in ITDD agus dualgais na hardbainistíochta maidir le timpeallacht dhátheangach fháilteach a chruthú in oifigí uile na hInstitiúide.

Tá sé tábhachtach go leanfadh ITDD leis an dea-obair agus go léireofaí tríd a scéim teanga nua go bhfuil sí go hiomlán tiomanta do chur chun cinn agus d'fhorbairt na Gaeilge agus is gá go mbeidh tiomantas na hInstitiúide i leith na Gaeilge soiléir do bhaill uile na foirne.

## **8.6 Poist a chur ar leataobh – Polasaí Socrúcháin agus Polasaí Earcaíochta**

- (i) Iarrtar go mbeidh feidhmeannach/oifigeach amháin ar a laghad ainmnithe agus dualgas air/uirthi seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil ó **gach rannóg** de chuid ITDD a bhíonn ag plé leis an bpobal, i.e. na rannóga riaracháin, agus go bhfoilseofaí ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir ghutháin, seoladh r-phoist, etc.) na bhfostaithe sin.
- (ii) Ní mór a chinntiú go mbeidh an fáilteoir/oibrí malartáin inniúil sa Ghaeilge le gur féidir leis/léi déileáil le glaonna trí Ghaeilge go héifeachtach.
- (iii) Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge aitheanta mar riachtanas do na poist thuasluaite agus foireann á earcú. Ní mór an riachtanas sin a lua i ngach fógra poist lena mbaineann. Ba cheart go mbeadh ITDD sásta córas oiliúna a chur ar fáil go himheánach nó go seachtrach dá bhfostaithe chun freastal ar an iarratas thuas.
- (iv) Beidh iarrthóirí in ann cur isteach ar phost trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus beidh siad in ann agallamh a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo.
- (v) De réir mar a chuirtear scéim ITDD i bhfeidhm cuirfear leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ar bhonn céimneach. Ní mór a chinntiú go mbíonn deiseanna ardaithe céime ar fáil do na daoine atá i mbun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, mar aitheantas ar an tseirbhís atá á cur ar fáil acu agus lena saineolas a chinntiú don eagraíocht sa réimse céanna amach anseo.

- (vi) Tá sé riachtanach go gcuirfear córais mhonatóireachta agus athbhreithnithe chuí i bhfeidhm in ITDD lena chinntiú go mbeidh an soláthar seirbhíse ar chomhchaighdeán i nGaeilge agus i mBéarla. (Féach **Alt 18** thíos)
- (vii) Ní mór do ITDD deimhniú a thabhairt ar ról na bhfostaithe, iad siúd atá ag plé leis an bpobal mar aon leo siúd nach mbíonn ag plé go díreach leis an bpobal, i gcur chun cinn na Scéime/Gaeilge in ITDD.
- (viii) Iarrtar go mbeidh Cairt eagraíochta a léiríonn cé hiad na fostaithe atá toilteanach agus oilte le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.
- (ix) Tá de cheart ag fostaithe ITDD an Ghaeilge a úsáid go himheánach. Chuige sin, beidh athbhreithniú rialta ar an gcóras riaracháin chun a chinntiú go mbeidh deis ag baill foirne ar mhaith leo nó atá toilteanach obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sin a dhéanamh mar ghrúpa/aonad.
- (x) Molann an Chomhdháil líonra de Ghaeilgeoirí a chruthú san eagraíocht, iad a chur in aithne dá chéile agus iad a spreagadh chun feidhmiú trí Ghaeilge chun meabhraíocht na Gaeilge a neartú in ITDD.
- (xi) Spreagfaidh ITDD na fostaithe atá líofa i nGaeilge agus na fostaithe atá ag foghlaim Gaeilge suaitheantais, amhail An Fáinne a chaitheamh a chuirfidh in iúl don phobal gur féidir a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge leo, ar fáil ó [www.fainne.ie](http://www.fainne.ie).
- (xii) Moltar aistritheoir inmheánach a earcú agus a cheapadh in ITDD chun a chinntiú go mbeidh fáil ar ábhar foilsithe go comhuaineach go dátheangach – m/sh preaseisiúintí.

Aithníonn an Chomhdháil go bhfuil bac ar earcaíocht i bhfeidhm sa tSeirbhís Phoiblí faoi láthair agus nach mbeidh ar chumas ITDD aon ghealltanas ar leith a dhéanamh maidir le hearcú foirne breise dá bharr. Aithnítear chomh maith nach mbeidh an bac ar earcaíocht ann i gcónaí. Tá deis ann do ITDD pleanáil go córasach



chun seirbhísí feabhsaithe trí Ghaeilge a sholáthar le líon laghdaithe foirne trí fheidhmiú na scéime nua.

## **8.7 Ról Oifig na Gaeilge / Oifigeach Gaeilge**

Léiríonn taithí na gComhlachtaí Poiblí i gcoitinne go bhfuil ról an Oifigh Ghaeilge ríthábhachtach do chur i bhfeidhm na scéime teanga, chomh maith le tacaíocht agus úinéireacht ag gach leibhéal bainistíochta san eagraíocht. Is gá, dá réir, go n-aithneodh gach rannóg san eagraíocht an tábhacht a bhaineann le ról an Oifigh Ghaeilge agus go dtabharfaí gach tacaíocht don Oifigeach sin.

**Tá sé tábhachtach nach dtitfeadh dualgais bhreise, lena n-áirítear aistriúchán, ar an Oifigeach Gaeilge ach go mbeadh feidhm faoi leith ag an Oifigeach Gaeilge.** Tá tábhacht ar leith ag baint le ról Oifig na Gaeilge a fhorbairt sna réimsí seo leanas:

- Polasaithe Gaeilge ITDD a cheapadh
- Ranganna Gaeilge a eagrú agus a chur ar fáil mar is gá d'fhoireann na hInstitiúide (i gcomhar leis an Aonad Oiliúna)
- Clár sóisialta agus ealaíon a eagrú a chuirfidh le húsáid na Gaeilge i gceannáras ITDD
- Feiceálacht na Gaeilge a neartú agus deiseanna a sholáthar don fhoireann ar mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim agus í a labhairt
- Promhadh a dhéanamh ó thaobh na teanga de ar pholasaithe eile agus ar ghníomhaíochtaí uile ITDD
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais sa scéim agus ar fhorálacha eile an Achta Teanga
- Páirt a ghlacadh i ndrúchtú aon bheartas a bhaineann leis an nGaeilge san earnáil phoiblí
- Ailt a scríobh in aon iris a bhaineann le ITDD

Chuige sin, ní mór go mbeadh ionadaí ó Oifig na Gaeilge i láthair ag cruinnithe de Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) na hInstitiúide leis an ról molta thuas a chomhlíonadh.

Molann an Chomhdháil go mbeadh sé mar chuid de ról Oifig na Gaeilge, áiseanna tacaíochta teanga a chur ar fáil d'fhoireann na Roinne chun iad a chumasú agus a mhisniú le seirbhísí a sholáthar.

### **8.8 Rochtain ar cháipéisí**

Is gá go mbeadh gach foirm atá le húsáid ag an bpobal ar fáil gan dua go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Moltar go bhfoilseofaí foirmeacha iarratais, bróisiúir eolais, agus cáipéisíocht uile ITDD go dátheangach taobh istigh den chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh is gá próiseas a bheith ann lena chinntiú go mbeidh rochtain chomhchosúil ar an dá leagan den cháipéis chéanna.

### **8.9 An Ghaeltacht**

*Dearbhaíonn an Institiúid sa scéim teanga seo go ndéanfar gach comhfhreagras le scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna i nGaeilge; Lena chois sin, tacóidh gnéithe eile den scéim le mic léinn Gaeltachta chun gur féidir leo an Ghaeilge a úsáid san Institiúid; Bainfear úsáid as logainmneacha Gaeltachta mar réamhshocrú i gcláir agus i mbunachair sonraí faoi mar atá sainaitheanta ag [www.pobail.ie](http://www.pobail.ie).*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 21).

Tá sainriachtanais teanga ag pobal na Gaeltachta. Ní mór do ITDD a chinntiú go mbeidh gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht á soláthar sa ghnáthchúrsa trí mheán na Gaeilge. Is é sin le rá gur chóir do ITDD an Ghaeilge a úsáid mar ghnás

iompar teanga leis an bpobal sa Ghaeltacht agus san áit ina bhfuil sí ag plé cúrsaí Gaeilge.

### **8.10 Stáiseanóireacht**

Ní mór do ITDD cloí leis na rialacháin faoi Alt 9(1) agus a dheimhniú gurb é polasaí na Roinne go mbeidh an ceannteideal stáiseanóireachta i nGaeilge nó dátheangach. Ba cheart go mbeadh, mar chuid den pholasaí, an téacs i nGaeilge agus i mBéarla ar chomh-mhéid, leis an téacs i nGaeilge in uachtar. Sa chás go bhfuil gá aon idirdhealú a dhéanamh ba chóir forlámhas a bheith ag an leagan Gaeilge.

### **8.11 Comharthaí**

Ní mór do ITDD cloí leis na rialacháin faoi Alt 9(1) agus a dheimhniú gurb í an leagan cruinn Gaeilge de na logainmneacha áitiúla atá in úsáid i gcónaí.

Maidir le dualgas ITDD i leith na comharthaíochta i bhfoirgnimh Stáit, ní mór don Institiúid forálacha an Achta teanga a chomhlíonadh i gcónaí, rud a chuirfidh go mór le feiceálacht na Gaeilge sa Stát.

### **8.12 Tríú Páirtithe**

Beidh téarmaí na scéime seo mar choinníoll dóibh siúd atá ag obair thar ceann ITDD faoi chonradh nó mar fhochuideachta.

Comhlíonfaidh aon chomhaontú nó socrú idir ITDD agus tríú páirtí téarmaí na scéime seo – aon seirbhís a chuirfear amach ar chonradh san áireamh. Beidh ar chonraitheoir monatóireacht a dhéanamh ar aon soláthar seirbhíse agus tuairisciú do ITDD dá réir. Ní mór a dheimhniú go mbeidh an coinníoll riachtanach seo leagtha amach go soiléir i gcáipéisí dlíthairisceana.

### **8.13 Cruinnithe Poiblí**

Moltar go mbeadh oifigigh in ITDD ar an airdeall faoi shainriachtanais lucht labhartha na Gaeilge, go háirithe sa chás go mbíonn cruinniú poiblí le heagrú.

Ba chóir go mbeadh córas ann lena dheimhniú go n-eiseofaí na fógraí agus aon phoiblíocht eile faoi na cruinnithe poiblí go dátheangach. Ní mór a dheimhniú go gcuirfí fáilte roimh rannpháirtíocht i nGaeilge agus i mBéarla ag na cruinnithe poiblí a eagraíonn ITDD.

### **8.14 Suíomh Gréasáin**

Is minic a úsáidtear suíomh gréasáin mar phríomhphointe teagmhála le ITDD agus tá eolas cuimsitheach ar réimsí oibre uile na hInstitiúide ar fáil ar an suíomh [www.dkit.ie](http://www.dkit.ie).

*‘Is beag Gaeilge atá ar an suíomh Gréasáin i láthair na huaire. Bíodh sin mar atá, tá cumas ionsuite ann chun gach leathanach a chur ar fáil i dteangacha éagsúla agus chun ligean d’úsáideoirí dul ó theanga go teanga’.*

(Scéim Ghaeilge Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, 2010, lch 12).

Molann an Chomhdháil an dea-obair atá déanta ag ITDD chun suíomh gréasáin dátheangach a fhorbairt ó cuireadh an chéad scéim teanga i bhfeidhm. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le fáilte a chuir roimh chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an Institiúid, mar is ceart dóibh, ag an bpríomhphointe teagmhála. Aithnítear iarrachtaí ITDD i leith seirbhís Ghaeilge a sholáthar do phobal na Gaeilge agus meabhraítear nach mór do ITDD tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na seirbhísí sin faoin dara Scéim Teanga. Moltar go mbeadh forbairt leanúnach á déanamh ar an suíomh sa chaoi is go mbeidh an leagan Gaeilge chomh cuimsitheach agus chomh feiceálach leis an leagan Béarla i gcónaí (féach alt 13 thíos).

Ní mór do ITDD leanúint lena polasaí / plean oibre maidir le suíomh dátheangach a fhorbairt go céimiúil ag tosú leis na míreanna seasta lena n-áirítear:

- tuarascálacha agus foilseacháin eile
- polasaithe ITDD
- rialacha ITDD
- foirmeacha iarratais
- ábhar eile inathraithe m/sh preaseisiúintí.

Molann an Chomhdháil do ITDD na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh lena suíomh gréasáin:

- Ní mór rogha teanga a thairiscint don úsáideoir sula dtéann sé/sí ar an suíomh gréasáin. (m/sh [www.ahg.gov.ie](http://www.ahg.gov.ie))
- Ní mór don rogha teanga a bheith feiceálach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide i gcónaí.
- Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí teangacha a mheascadh. (m/sh Bá chóir a bheith cinnte nach bhfuil aon Bhéarla ar an leagan Gaeilge den suíomh agus nach bhfuil aon Ghaeilge ar an leagan Béarla den shuíomh seachas ainm na heagraíochta, ainmneacha daoine agus araile.)
- Má tá an suíomh ag bailiú eolais ó na húsáideoirí, mar shampla má iarrtar ar an úsáideoir foirm a líonadh, ní mór fáilte a chur roimh an úsáideoir a s(h)onraí a líonadh isteach ina rogha teanga.

Is gá go mbeadh córas aontaithe i bhfeidhm do chrochadh eolais nua ar shuíomh ITDD ar mhaithe le go mbeidh fáil go héasca ar eolas i nGaeilge agus i mBéarla maidir le príomhghníomhaíochtaí na hInstitiúide.

### **8.15 Na Meáin Úra & Seirbhísí ar Líne**

Tá méadú tagtha ar sheirbhísí ar líne atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí agus is minic a úsáideann an pobal na seirbhísí sin ina ngnáthshaol laethúil. Molann an Chomhdháil an dea-obair atá déanta ag ITDD i leith na seirbhísí ar líne agus go háirithe an úsáid atá an eagraíocht ag baint as na meáin úra.

Moltar go leanfaidh ITDD leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil ar líne agus meabhraítear don eagraíocht nach mór aon seirbhís a chuirtear ar fáil ar líne a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúil. Ní mór a lua ach go bhfuil an Ghaeilge chun cinn sna meáin úra agus go gcreideann an Chomhdháil go bhfuil ról lárnach ag eagrais Stáit amhail ITDD freastal ar riachtanas teanga a gcustaiméirí agus éileamh a chothú trí na meáin úra. Ní mór aon seirbhís a chuirtear ar fáil ar líne a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúil.

### **8.16 Plean Straitéiseach Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan**

Is gá go dtógfaí san áireamh riachtanais phobal labhartha na Gaeilge in aon leasuithe a dhéantar ar Phlean Straitéiseach ITDD.

### **8.17 Córas Measúnaithe**

Moltar go:

- i) mbunófaí struchtúr cuntasachta do chur i bhfeidhm na scéime, agus go leagfaí síos plean(anna) gníomhaíochta dá réir.
- ii) ndéanfaí measúnacht tionchair chomhionannais maidir le cur chun cinn na Gaeilge faoin scéim lena chinntiú go mbeidh tairbhe ag baint le gach gealltanas faoin scéim do pháirtithe leasmhara uile ITDD.
- iii) leagfadh ITDD spriocanna cinnte síos, amscála chun iad a bhaint amach, agus go n-ainmneofaí rannóg a bheidh freagrach as faireacháin

a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime agus a dhéanfaidh tuairisciú ar dhul chun cinn faoin Scéim don ardbhainistíocht.

- iv) léireodh ITDD córas measúnaithe a dhéanfaidh soláthar na seirbhísí a mheas agus a chinnteoidh go n-aithneofar céimeanna feabhais.
- v) lorgódh ITDD aiseolas leanúnach ón bhfoireann, agus ón bpobal ar fheidhmiú na Scéime agus go mbeadh cur síos ar an gcóras sin ríofa sa scéim.
- vi) mbeadh córas gearáin soiléir leagtha amach ag ITDD chun déileáil le gearáin ón bpobal i gcás aon easnaimh sna seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.
- vii) leagfadh ITDD amach, i gcás nach bhfuil an tseirbhís dháttheangach ar chaighdeán sásúil, na céimeanna atá siad le glacadh chun réiteach a fháil ar an bhfadhb.

Ní mór a thógáil san áireamh nach ionann easpa gearán agus deimhniú ar chaighdeán na seirbhísí atáthar á soláthar. Moltar nach leagfaí líon na ngearán síos mar tháscaire feidhmíochta don Scéim. Tá gá le haiseolas a bhailiú go gníomhach ó chustaiméirí le caighdeán seirbhísí faoin Scéim a dheimhniú.

### **8.18 Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe**

Moltar go mbeidh an pobal curtha ar an eolas faoin Scéim Teanga atá ag ITDD, agus na haidhmeanna lena mbaineann, ar na bealaí seo a leanas:

- Preaseisiúintí
- Seoladh oifigiúil na Scéime
- Fógraíocht rialta
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí cuí
- Suíomh Gréasáin

Tá sé riachtanach go mbeidh cóip den Scéim Teanga curtha ar fáil do gach fostaí in ITDD. Moltar nóta ó Uachtarán na hInstitiúide a scaipeadh chomh maith ag cur in iúl go bhfuil sé mar dhualgas ar gach fostaí, idir Bhéarlóirí agus Ghaeilgeoirí, an Scéim a chur i bhfeidhm. Ní mór seisiúin eolais inmheánacha, d'fhoireann na hInstitiúide, a eagrú le go mbeidh gach fostaí ar an eolas faoi príomhbheartais na Scéime.

### **8.19 Monatóireacht agus Tuairisciú ar dhul chun cinn**

- (i) Ba cheart go bhfoilseofaí na tuairiscí ar dhul chun cinn a chuirtear faoi bhráid Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta go tráthúil.
- (ii) Ba cheart go gcuirfí tuairisc bhliantúil ar fáil don phobal maidir le dul chun cinn fheidhmiú na scéime agus go bpoibleofaí an tuairisc sin go forleathan.
- (iii) Ba cheart go mbeadh an dul chun cinn faoin gcéad scéim mar thúsphointe tuairiscithe sa dara scéim agus go léireofaí go soiléir sa chaoi seo go bhfuil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag saothrú chun feabhais trí Ghaeilge.

### **8.20 Forálacha an Achta Teanga**

Tá beartais eile i bhfeidhm sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta lena chinntiú go gcomhlíonfar forálacha uile an Achta Teanga, lena n-áirítear cáipéisí áirithe a fhoilsiú go dátheangach de réir Alt 10 den Acht. Cé nach bhfuil aon riachtanas ann go ndéantar tuairisciú ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta sa scéim, moltar don Roinn léiriú ar bhonn dearfach go bhfuil sé ar an airdeall faoi na freagrachtaí reachtúla eile maidir le feidhmiú an Achta trí thuairisciú ar na bearta atá curtha i gcrích leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.



## 9.0 Focal Scoir

Is mian le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge béim ar leith a chur ar an riachtanas go gcuirfí seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil don phobal le dea-thoil. Tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí an fhoireann agus an pobal ar an eolas go rialta faoi na seirbhísí céanna mar léiriú ar thiomantas na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le freastal ar riachtanais an phobail, agus éileamh a chothú do sheirbhísí na Roinne agus an pobal urlabhra a spreagadh chun leas níos mó a bhaint as na seirbhísí sin chomh maith.

## 10.0 Achoimre

De réir an dea-chleachtais, is iad seo a leanas na céimeanna riachtanacha chun scéim rathúil teanga a cheapadh agus a chur i bhfeidhm

- Pleanáil agus anailís a bheith déanta ag an Roinn ar a cumas gealltanais reachtúla a chomhlíonadh, le haird ar leith ar chostas agus riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta.
- Úinéireacht á glacadh ag ardbhainistíocht, bainistíocht líne, agus foireann na Roinne ar an scéim teanga.
- Plean forfheidhmithe a ullmhú leis na hacmhainní cuí atá ar fáil.
- Struchtúr feiliúnach forfheidhmithe agus tuairiscithe ar dhul chun cinn a bhunú.
- Straitéis chumarsáide a aontú chun gealltanais na scéime a chur in iúl don fhoireann chuí atá ceaptha chun iad a chur i bhfeidhm.
- Córas monatóireachta feiliúnach a fhorbairt.
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann nach labhraíonn Gaeilge – trí oiliúint san fheasacht teanga a sholáthar do chách go tráthrialta.
- Treoir shoiléir a thabhairt d'fhoireann na heagraíochta maidir leis na dualgais faoin Acht Teanga.
- Plean margaióchta do sheirbhísí dátheangacha a fheidhmiú chun éileamh ar na seirbhísí sin a fhorbairt.

- Pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh don soláthar seirbhíse trí Ghaeilge.